An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# TEANGA AGUS LITEARTHACHT I mBUNSCOILEANNA INA BHFUIL AN GHAEILGE MAR MHEÁN

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

## Ceistneoir

D'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an ceistneoir seo mar chuid de thaighde na Comhairle ar thús agus forbairt na teanga agus na litearthachta i mbunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán, cibé an Gaelscoileanna nó scoileanna Gaeltachta iad. Is do thuismitheoirí, scoláirí, múinteoirí agus daoine eile a bhfuil taithí acu ar an bhunoideachas trí Ghaeilge a dearadh é.

Cuirfear freagraí an cheistneora san áireamh sa tuarascáil chomhairliúcháin a chuirfear i dtoll a chéile agus sa chomhairle don Aire Oideachais agus Eolaíochta maidir le tús agus forbairt na teanga agus na litearthachta i mbunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán.

Is ar achoimre de na saincheisteanna a tháinig chun cinn in *Teanga agus Litearthacht i mBunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar Mheán: Cuntais ar Chleachtas* a bunaíodh na ceisteanna. Tá an doiciméad seo ar fáil ag www.ncca.ie agus is féidir an ceistneoir a chomhlánú ar líne chomh maith.

Trí chuid atá sa cheistneoir.

**Cuid 1:** le comhlánú ag tuisthmeoitheoirí a fhreastlaíonn/ar fhreastail a bpáistí ar bhunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán

**Cuid 2:** le comhlánú ag páistí atá ag freastal i láthair na huaire ar bhunscoil ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán, agus ag scoláirí iarbhunsoile, a d'fhreastail ar bhunscoil ina raibh an Ghaeilge mar mheán.

**Cuid 3:** le comhlánú ag múinteoirí agus ag daoine eile a bhfuil taithí acu ar an oideachas trí Ghaeilge.

An dáta deiridh ar a nglacfar le ceistneoirí comhlánaithe ná an **Aoine an 29ú Meán Fomhair, 2006.**

> **Tabhair faoi deara, le do thoil,** go bhféadfadh Aguisín A a bheith ina chabhair duit más mian leatsa nó le d'eagraíocht aighneacht a ullmhú mar fhreagairt ar an doiciméad. Ba cheart aighneachtaí a sheoladh chuig **Suirbhé Teanga agus Litearthacht i mBunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar Mheán, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, faoin Aoine an 29ú Meán Fomhair, 2006.**

Ainm: ____________________

Seoladh: ____________________

Ceantar Gaeltachta ❑ Ceantar Galltachta ❑

Tá mo chuidse freagraí bunaithe ar an taithí a bhí agam ✓ (cuir tic, le do thoil)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **mar thuismitheoir páiste** | ❑ i nGaelscoil | ❑ i scoil Ghaeltachta | ❑ i scoil Bhéarla |
| **mar mhúinteoir** | ❑ i nGaelscoil | ❑ i scoil Ghaeltachta | ❑ i scoil Bhéarla |
| **mar phríomhoide** | ❑ i nGaelscoil | ❑ i scoil Ghaeltachta | ❑ i scoil Bhéarla |
| **mar bhall den bhord bainistíochta** | ❑ i nGaelscoil | ❑ i scoil Ghaeltachta | ❑ i scoil Bhéarla |
| **mar chúntóir teanga** | ❑ | | |
| **mar chleachtóir i réamhscoil** | ❑ trí Ghaeilge | ❑ trí Bhéarla | |
| **mar scoláire** | ❑ sa bhunscoil | ❑ sa mheánscoil | ❑ i scoil Bhéarla |
| | ❑ i nGaelscoil | ❑ i scoil Ghaeltachta | ❑ in Aonad/Sruth |

❑ Taithí eile (sonraigh, le do thoil) ____________________

# Cuid 1

## Do thuismitheoirí/do chaomhnóirí a fhreastalaíonn/ar fhreastail a bpáistí ar bhunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán

**Nóta:** Ciallaíonn scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán scoileanna ina múintear gach ábhar (seachas Béarla) trí Ghaeilge.

# Roinn A

## An Ghaeilge

Léigh na ráitis seo a leanas agus cuir in ord tosaíochta iad duit féin, idir 1 agus 7 (1=an ceann is tábhachtaí srl.)

**Agus mo pháistí ag foghlaim Gaeilge, táim ag súil:**

go mbeidh Gaeilge líofa acu ❏

go mbeidh dearcadh dearfach acu i leith na teanga ❏

go n-éireoidh go maith leo sna scrúduithe amach anseo ❏

go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla chomh líofa céanna acu ❏

go gcuirfidh siad an Ghaeilge chun cinn mar theanga an phobail ❏

go mbeidh siad níos lánpháirtithe i bpobal a labhraíonn Gaeilge ❏

go mbeidh sé níos fusa orthu teangacha eile a fhoghlaim amach anseo ❏

Aon tuairim eile ______________________________

______________________________

______________________________

## Foghlaim na Gaeilge roimh dhul ar scoil

Bíonn an teanga/na teangacha a fhoghlaimíonn páistí sa bhaile roimh dhul ar scoil ina (g)cabhair dóibh i ngach réimse foghlama den churaclam.

**2. I gcás páistí a fhreastalaíonn ar scoileanna ina ndéantar an múineadh trí Ghaeilge**

| | is gá | ní gá | braitheann sé ar an bpáiste |
|---|---|---|---|
| an gá go gcloisfidís Gaeilge sa bhaile? | ❏ | ❏ | ❏ |
| an gá dóibh taithí éigin a bheith acu ar an nGaeilge roimh dhul ar scoil? | ❏ | ❏ | ❏ |

Aon tuairim eile ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

## Labhairt na Gaeilge

Bíonn oideachas trí mheán na Gaeilge le fáil sa Ghaeltacht agus sa Ghalltacht araon. Bíonn idir pháistí ó theaghlaigh Ghaeilge, theaghlaigh Bhéarla, theaghlaigh Ghaeilge agus Bhéarla, agus theaghlaigh nach labhraíonn Gaeilge ná Béarla ag freastal ar scoileanna ina mbíonn an Ghaeilge mar mheán. I gcásanna áirithe, tacaíonn an baile agus an pobal go láidir leis an nGaeilge, i gcásanna eile is beag tacaíocht a bhíonn ann

*Cuir ✓ sa bhosca le hais an ráitis is fearr a léiríonn do thuairim féin.*

**3. Táim sásta leis an méid Gaeilge a labhraíonn mo pháiste/pháistí sa bhaile**

aontaím go láidir leis sin ❑ aontaím leis sin ❑ ní aontaím leis sin ❑ ní aontaím leis sin in aon chor ❑

**4. Táim sásta leis an méid Gaeilge a labhraíonn mo pháiste/pháistí i mbunscoil(eanna) ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán.**

aontaím go láidir leis sin ❑ aontaím leis sin ❑ ní aontaím leis sin ❑ ní aontaím leis sin in aon chor ❑

**5. Táim sásta leis an méid Gaeilge a labhraíonn mo pháiste/pháistí sa phobal.**

aontaím go láidir leis sin ❑ aontaím leis sin ❑ ní aontaím leis sin ❑ ní aontaím leis sin in aon chor ❑

Aon tuairim eile ____________________

## Teangacha na scoile

Béarla agus Gaeilge atá i gceist sa réimse Teanga de Churaclam na Bunscoile (1999). Leanann páistí i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán agus i mbunscoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán an curaclam céanna Béarla. Tá dhá churaclam ar leith ann don Ghaeilge: Gaeilge T1 d'fhoghlaimeoirí i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán agus Gaeilge T2 d'fhoghlaimeoirí i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán.

**6. Agus mo pháiste á chur agam chuig bunscoil ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán táim ag súil**

go múinfí na hábhair trí Ghaeilge: an t-am ar fad ❑ an chuid is mó den am ❑ cuid den am ❑

go ndéanfaí gníomhaíochtaí scoile trí Ghaeilge: an t-am ar fad ❑ an chuid is mó den am ❑ cuid den am ❑

go ndéanfaí an chumarsáid liomsa, mar thuismitheoir/mar chaomhnóir:
as Gaeilge ❑ as Gaeilge agus as Béarla ❑ as Béarla ❑

Aon tuairim eile ____________________

## Foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla ar scoil

**7. Cé chomh heolach is atá tú maidir leis an gcéad teanga a mhúintear do do pháistí ar scoil?**

láneolach ❑ eolach ❑ ní heol dom go baileach ❑ ní heol dom ar chor ar bith ❑

**8. An bhfuil tú sásta leis an méid eolais atá agat ar an réimse seo d'fhoghlaim do pháiste/pháistí?**

táim sásta ❑ nílim sásta ❑

Aon tuairim eile ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

## Tacaíocht d'fhorbairt Ghaeilge labhartha na bpáistí

**9. Cé chomh heolach is atá tú ar an tslí chun tacú le do pháiste/pháistí nuair a bhíonn sí/sé ag foghlaim na Gaeilge labhartha sa bhaile?**

tá tuairim mhaith agam ❑ tá saghas tuairime agam ❑ níl aon tuairim agam ❑

Aon tuairim eile ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

## Tacaíocht d'fhorbairt Bhéarla labhartha na bpáistí

**10. Cé chomh heolach is atá tú ar an tslí chun tacú le do pháiste/pháistí nuair a bhíonn sí/sé ag foghlaim an Bhéarla labhartha sa bhaile?**

tá tuairim mhaith agam ❑ tá saghas tuairime agam ❑ níl aon tuairim agam ❑

Aon tuairim eile ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

# Roinn B

## Ag léamh i nGaeilge agus i mBéarla

Bíonn cineálacha difriúla cur chuige ag scoileanna maidir le tús na léitheoireachta. Is i nGaeilge a thosaíonn na páistí ag léamh i scoileanna áirithe, agus i mBéarla i scoileanna eile

## Ag foghlaim conas Gaeilge agus Béarla a léamh ar scoil

**11. Agus tú ag cur do pháiste/pháistí chuig scoil ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán, cé acu teanga, Gaeilge nó Béarla, inar shíl tú a thosódh sí/sé ag léamh?**

sa Ghaeilge ar dtús ❑ sa Bhéarla ar dtús ❑ sa dá theanga ag an am céanna ❑

Aon tuairim eile ______________________________

______________________________

______________________________

## Tacaíocht don pháiste atá ag foghlaim conas léamh i nGaeilge

**12. Cé chomh heolach is atá tú ar an tslí chun tacú le do pháiste agus í/é ag léamh i nGaeilge sa bhaile?**

an-eolach ❑ eolach go leor ❑ ní heol dom in aon chor ❑

Aon tuairim eile ______________________________

______________________________

______________________________

## Tacaíocht don pháiste atá ag foghlaim conas léamh i mBéarla

**13. Cé chomh heolach is atá tú ar an tslí chun tacú le do pháiste nuair a bhíonn sí/sé ag léamh as Béarla sa bhaile?**

an-eolach ❑ eolach go leor ❑ ní heol dom in aon chor ❑

Aon tuairim eile ______________________________

______________________________

______________________________

# Roinn C

## Acmhainní Gaeilge

**14. Cad é do mheas ar chaighdeán na n-acmhainní Gaeilge (m.sh. téacsleabhair, greannáin, úrscéalta, gearrscéalta, irisí, bogearraí ríomhaire, DVDanna, ábhar léitheoireachta eile) atá ar fáil duitse i nGaeilge?**

an-mhaith ❑ go maith ❑ cuibheasach ❑ níl siad go maith in aon chor ❑

Aon tuairim eile ______________________________

______________________________

______________________________

# CUID 2

## Do scoláirí a bhfuil taithí acu ar bhunoideachas trí mheán na Gaeilge

**Tá Roinn A** le comhlánú ag páistí atá **ag freastal i láthair na huaire ar bhunscoil ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán.**

**Tá Roinn B** le comhlánú **ag scoláirí iarbhunscoile, a d'fhreastail ar bhunscoil ina raibh an Ghaeilge mar mheán.**

# Roinn A

### Páistí bunscoile agus an t-oideachas trí mheán an Gaeilge

Comhlánaigh an chuid seo má tá tú ag freastal ar bhunscoil ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán.

**1. Táim** i rang a cúig ❑ i rang a sé ❑

**2. Sa seomra ranga** tá rang amháin ❑ níos mó ná rang amháin ❑

Más cuí ainmnigh na ranganna ______________________________

**3. Labhraím Gaeilge** (is féidir tic a chur i ngach bosca a oireann duit)

sa bhaile ❑ sa rang/ar scoil ❑ sa chlós ar scoil ❑ le mo chairde lasmuigh den scoil ❑

**4. Foghlaimím mo chuid Gaeilge ó** (is féidir tic a chur i ngach bosca a oireann duit)

bheith ag éisteacht agus ag caint le mo mhúinteoir ❑

bheith ag féachaint ar an teilifís (m.sh. TG4) ❑

bheith ag éisteacht agus ag caint le páistí eile ar scoil ❑

bheith ag éisteacht agus ag caint le daoine eile ag labhairt as Gaeilge ❑

bheith ag éisteacht le Gaeilge ar an raidió ❑

bheith ag éisteacht le ceol agus le hamhráin Ghaeilge ❑

**5. Scríobhaim iad seo a leanas as Gaeilge** (is féidir tic a chur i ngach bosca a oireann duit)

cártaí phoist ❑ litreacha ❑ filíocht/rannta ❑ scéalta ❑ ríomhphoist ❑

eile (dean cur síos) ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**6. Labhraím Béarla** (is féidir tic a chur i ngach bosca a oireann duit)

sa bhaile ❑ sa rang/ar scoil ❑ sa chlós ar scoil ❑ le mo chairde lasmuigh den scoil ❑

**7. Foghlaimím mo chuid Béarla ó** (is féidir tic a chur i ngach bosca a oireann duit)

bheith ag éisteacht agus ag caint le mo mhúinteoir ❑

bheith ag éisteacht agus ag caint le páistí eile ar scoil ❑

bheith ag éisteacht le Béarla ar an raidió ❑

bheith ag féachaint ar an teilifís ❑

bheith ag éisteacht agus ag caint le daoine eile a labhraíonn Béarla ❑

bheith ag éisteacht le ceol agus le hamhráin Bhéarla ❑

**8. Scríobhaim iad seo a leanas as Béarla** (is féidir tic a chur i ngach bosca a oireann duit)

cártaí phoist ❑ litreacha ❑ filíocht/rannta ❑ scéalta ❑ ríomhphoist ❑

eile (dean cur síos) ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**9. Agus mé ag léamh, is maith liom leabhair/irisí/greannáin a léamh**

as Gaeilge ❑ as Gaeilge níos mó ná as Béarla ❑ as Béarla ❑ as Béarla níos mó ná as Gaeilge ❑

Aon tuairim eile ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

# Roinn B

## Scoláirí iarbhunscoile agus an t-oideachas trí mheán na Gaeilge

Comhlánaigh an roinn seo más scoláire iarbhunscoile thú a d'fhreastail ar bhunscoil ina raibh an Ghaeilge mar mheán.

Táim ag freastal ar mheán scoil in bhfuil an Ghaeilge mar mheán i láthair na huaire ❑

Táim ag freastal ar mheán scoil in bhfuil an Bhéarla mar mheán i láthair na huaire ❑

**10. Bunaithe ar an taithí a bhí agat ar oideachas trí mheán na Gaeilge sa bhunscoil**

conas mar a chabhraíonn an Ghaeilge a rinne tú sa bhunscoil leat agus tú ag foghlaim Gaeilge san iarbhunscoil?

go mór ❑ is cabhair í ❑ ní chabhraíonn sí go leor ❑ ní chabhraíonn sí ❑

conas mar a chabhraíonn an bunoideachas trí Ghaeilge leat ábhair eile a dhéanamh trí Ghaeilge san iarbhunscoil ?

go mór ❑ is cabhair í ❑ ní chabhraíonn sí go leor ❑ ní chabhraíonn sí ❑

Conas mar a chabhraíonn an Béarla a rinne tú sa bhunscoil leat agus tú ag foghlaim Béarla san iarbhunscoil?

go mór ❑ is cabhair í ❑ ní chabhraíonn sí go leor ❑ ní chabhraíonn sí ❑

**11. Cad é do mheas ar chaighdeán na n-acmhainní Gaeilge (m.sh. téacsleabhair, greannáin, úrscéalta, gearrscéalta, irisí, bogearraí ríomhaire, DVDanna, ábhar léitheoireachta eile) a bhí le fáil agat sa bhunscoil?**

an-mhaith ❑ go maith ❑ cuibheasach ❑ ní raibh siad go maith in aon chor ❑

Aon tuairim eile ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

# CUID 3

## Do mhúinteoirí agus do dhaoine eile a bhfuil taithí acu ar an oideachas trí Ghaeilge

Abair, le do thoil, cé acu seo thú

múinteoir i nGaelscoil ❑ múinteoir i scoil Ghaeltachta ❑

eile (sonraigh, le do thoil) ____________________

Mar mhúinteoir i nGaelscoil nó i scoil Ghaeltachta cad é an leibhéal ag a bhfuil tú ag múineadh faoi láthair?

rang amháin ❑ níos mó ná rang amháin ❑

na naíonáin bheaga / mhóra ❑ rang a haon / a dó ❑

rang a trí / a ceathair ❑ rang a cúig / a sé ❑

níos mó ná rang amháin agus níos mó ná leibhéal cumais amháin (abair cad iad na leibhéil) ____________

Eile (sonraigh, le do thoil) ____________________

# Roinn A

## Beartas agus pleanáil

Bíonn taithí agus cumais teanga difriúla ag páistí i ngach aon scoil. Moltar i gCuraclam na Bunscoile go gcuirfeadh scoileanna roinnt saincheisteanna san áireamh nuair a bhíonn siad ag pleanáil do chur i bhfeidhm an churaclaim ina scoil féin

**1. Ó do thaithí-se, cad iad na tosca a ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn beartas teanga agus litearthachta scoile á phleanáil?**

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

**2. Cad iad na tosca ar leith a chaithfear a chur san áireamh i scoil ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán nuair a bhítear ag pleanáil do riachtanais teanga agus litearthachta páistí atá faoi mhíchumas ginearálta nó mhíchumas ar leith foghlama?**

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

**3. Tuairimí eile ar chúrsaí beartais agus pleanála.**

# Roinn B

## An teanga labhartha

Is fearr do pháistí a bheith rannpháirteach i dtimpeallacht bharántúil d'fhoghlaim na teanga ina mbíonn fíorghníomhaíochtaí teanga ar siúl a bhíonn bunaithe ar a dtaithí féin agus ar na rudaí is spéis leo. Agus iad ag foghlaim teanga, bíonn sé níos fusa ar pháistí le himeacht ama iad féin a chur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh inti, agus is ar an gcaoi seo a fhoghlaimíonn siad ceartúsáid na teanga chomh maith.

**4. Cad iad na straitéisí is éifeachtaí, dar leatsa, chun cumas labhartha na bpáistí a fhorbairt, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla?**

**5. Conas mar a úsáideann tú na trí chéim a ghabhann le sealbhú teanga (réamhchumarsáid, cumarsáid agus iarchumarsáid) chun ceartúsáid na Gaeilge a chur chun cinn?**

# Roinn C

## Tús na léitheoireachta agus an léitheoireacht

Is ar an teanga labhartha atá na cláir do thús na léitheoireachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon bunaithe. Ceisteanna lárnacha do bhunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán is ea na cineálacha cur chuige a ghlactar i leith na litearthachta, mar shampla, an teanga inar cheart do pháistí tosú ag léamh.

**6. Cad iad na tosca a chuirtear san áireamh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar cheart tosú ar an léitheoireacht i dteanga bhaile an pháiste nó i gcéad teanga na scoile nuair nach ionann an dá theanga?**

**7. Conas a úsáideann tú na gníomhaíochtaí a mholtar do thús na léitheoireachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla chun páistí a ullmhú don léitheoireacht fhoirmiúil/neamhspleách?**

**8. Cad iad na straitéisí is úsáidí, dar leatsa, chun cultúr léitheoireachta a chur chun cinn sa bhaile, go háirithe nuair a bhíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí/ag caomhnóirí tacú le riachtanais teanga agus litearthacht na bpáistí?**

# Roinn D

## An scríbhneoireacht

Tugann múinteoirí i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán faoi deara gur fusa do pháistí iad féin a chur in iúl sa scríbhneoireacht Bhéarla ná sa scríbhneoireacht Ghaeilge.

**9. Cad iad na straitéisí is fearr, dar leatsa, chun leas a bhaint as an teanga labhartha agus an léitheoireacht chun feabhas a chur ar chumas na bpáistí iad féin a chur in iúl sa scríbhneoireacht?**

**10. Cad iad na straitéisí is éifeachtaí, dar leatsa, chun an próiseas na scríbhneoireachta a mhúineadh, i nGaeilge agus i mBéarla?**

# Roinn E

## Tacaíocht d'fhorbairt na teanga agus na litearthachta

Moltar straitéisí éagsúla i gCuraclam na Bunscoile chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí. Cuirtear tacaíocht foghlama ar fáil i mórchuid scoileanna don Bhéarla agus don mhatamaitic.

**11. Cad iad na straitéisí is fearr, dar leatsa, chun tacú le forbairt na teanga agus na litearthachta i mbunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán?**

**12. Maidir le tacaíocht foghlama sa bhunscoil ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán, cad iad na saincheisteanna ar leith ar cheart a chur san áireamh?**

**13. Ó do thaithí-se, cad a shíleann tú den chaighdeáin a shroicheann páistí i mbunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán sa Bhéarla agus sa Ghaeilge (teanga labhartha, léitheoireacht agus scríbhneoireacht)?**

**Ba mhaith leis an CNCM a mbuíochas a ghabháil leat as páirt a ghlacadh sa suirbhé seo.**

Seol le do thoil chuig **Suirbhé Teanga agus Litearthacht i mBunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar Mheán, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**